

Conairí Tacaíochta Breise don Churaclam Matamaitice na Bunscoile

Céard is Conairí Tacaíochta Breise (CTBanna) ann?

Is uirlis iad na CTBanna a dearadh le tacú le múinteoirí maidir le heispéiris foghlama níos sainoiriúnaithe agus ionchuimsithí a chur ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Cuireann siad dearcadh ar fáil trínar féidir an cineál eispéireas foghlama is oiriúnaí do na páistí seo agus iad ag plé le Torthaí Foghlama an churaclaim a choincheapú agus a aithint.



Buntáistí don pháiste

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna acu atá le cothú. Aithníonn na CTBanna an éagsúlacht i measc páistí sa seomra ranga agus freastalaíonn siad ar an éagsúlacht sin. Trí eispéireas foghlama an pháiste a ailíniú lena gcuid buanna, riachtanas agus spéiseanna, is féidir le páistí spéis níos mó a bhaint as a gcuid foghlama agus níos mó dúshlán a bheith rompu. D'fhéadfadh sé go n-éireodh níos fearr leo ar scoil freisin. Tacaíonn CTBanna freisin le leanúnachas agus dul chun cinn na bpáistí agus iad ag aistriú idir ranganna agus go dtí an iar-bhunscoil.

An chaoi ar féidir le múinteoirí CTBanna a úsáid

Ligeann na CTBanna do na múinteoirí breathnú ar (briseann siad síos) an t-eispéireas foghlama ar bhealach níos mionsonraithe le leibhéil éagsúla an éilimh chognaíoch don pháiste a aithint. Déantar cur síos i ngach ceann de na seacht gconair ar an gcaoi a bhféadfadh páistí rochtain a fháil ar an bhfoghlaim, plé léi, agus í a léiriú agus iad ag obair i dtreo Toradh Foghlama.

Léirítear na conairí seo go seicheamhach, ach é sin ráite, de bharr go bhfoghlaimíonn páistí ar bhealaí éagsúla, níor cheart iad seo a léirmhíniú mar ghnáthchonair líneach na forbartha. D'fhéadfadh páiste a bheith i mbun 'aird a thabhairt' i roinnt réimsí na foghlama matamaiticiúla agus ag 'freagairt dó' i réimsí eile.

Tugtar dúshlán do mhúinteoirí sa chonair 'blaiseadh de' ó thaobh measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuair nó nach bhfuair an páiste taithí ar fhoghlaim mhatamaiticiúil seachas díreach 'a bheith i láthair' sa cheacht/ghníomhaíocht. Ba cheart an spreagthach nó gníomhaíocht le plé lena bhfoghlaim mhatamaiticiúil a roghnú d'aon turas sa chomhthéacs ina dtarlaíonn an teagasc agus foghlaim phleanáilte agus theagmhasach. Ba cheart nóta a dhéanamh d'aon chomharthaí 'tabhairt faoi deara' agus iad a úsáid mar bhuntaca chun eispéiris agus gníomhaíochtaí matamaiticiúla eile a phleanáil. Mar shampla, b'fhéidir nach dtabharfadh scoláire a bhfuil riachtanais throma aige spreagthach ar nós fuaime faoi deara, má chuirtear i láthair go leanúnach é, nó b'fhéidir go 'ndúnfadh sé síos' chun é a bhlocáil amach. Trí phátrún ar-as a úsáid, ina gcuirtear spreagthach i láthair agus ina mbaintear é roinnt uaireanta, bíonn sé níos éasca don duine fásta cinneadh a dhéanamh cibé ar thug an scoláire faoi deara é nó nár thug.

Conairí Tacaíochta Breise

Blaiseadh de

Bíonn an páiste i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Nochtar é don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn sé feasach uirthi. Bíonn sé ag dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama, m.sh., rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile.

Aird a thabhairt air

Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá sé tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama.

Freagairt dó

Taispeánann an páiste go bhfuil sé in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé ag cur in iúl céard is maith leis, céard nach maith leis nó céard is fearr leis. Freagraíonn sé go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht.

Tús a chur leis

Bíonn an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi.

Sealbhú

Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé an fhoghlaim agus glacann sé páirt inti.

Ag éirí líofa

Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige orthu. Taispeánann sé go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh.

Ginearálú

Aistríonn an páiste scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin.